C/2024/3814

14.6.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/3814)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Cataluña / Catalunya'

PDO-ES-A1549-AM07

Dáta na teachtaireachta: 25 Márta 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Cur i bhfeidhm na huastáirgeachta le haghaidh táirgeadh fíonchaor bán (12 000 kg/ha) maidir leis an gcineál fíniúna deirge trepat**

Tuairisc

Méadaíodh an uastáirgeacht a cheadaítear le haghaidh an chineáil Trepat ó 10 000 kg/ha go 12 000 kg/ha.

Leasaíodh pointe 5 den tsonraíocht táirge agus leasaíodh pointe 5.2 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach dtagann sé faoi réim aon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (CEM aonair).

Cúiseanna

Tá uastáirgeacht táirgthe fíonchaor 12 000 kg/ha socraithe anois le haghaidh an chineáil fíniúna deirge Trepat sna sonraíochtaí faoi seach le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh le haghaidh 'Conca de Barberà' a chumhdaítear den chuid is mó freisin leis an ainmniúchán tionscnaimh le haghaidh 'Cava'.

Is cineál ardtáirgeachta é Trepat a úsáidtear go príomha chun fíonta rosé nó dearga éadroma a tháirgeadh a mbíonn déine datha íseal nó mheánach agus neart alcóil measartha acu de ghnáth. Dá bhrí sin, níl aon chiall leis an táirgeacht reatha a choinneáil ag 10 000 kg/ha, táirgeacht a bunaíodh chun a áirithiú go bhfaightear fíonta dearga a bhfuil dath níos doimhne, níos cumhachtaí agus níos struchtúrtha orthu.

2. **An cineál Mandó/Garró a chur ar liosta na gcineálacha finiúna údaraithe**

Tuairisc

Cuireadh an cineál Mandó agus a chomhchiallach Garró leis.

Leasaíodh pointe 6 den tsonraíocht táirge agus leasaíodh pointe 7 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach dtagann sé faoi réim aon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (CEM aonair).

Cúiseanna

Bhí an cineál fíniúna deirge Mandó, ar a dtugtar a chomhchiallach Garró freisin, i láthair cheana féin i roinnt suíomhanna sa Chatalóin le linn an 19ú céad. Tá saothróirí fíniúna agus fíonlanna ag athshlánú oidhreacht fíonsaothrúcháin na Catalóine anois. Cuideoidh an cineál fíniúna sin chun idirdhealú níos fearr a dhéanamh idir ár bhfíonta i margadh atá ag éirí níos domhanda. Ina theannta sin, is fíonchaor aibithe déanach é, ar tréith an-tábhachtach é ó thaobh oiriúnú níos fearr don athrú aeráide atá ag tarlú cheana féin.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

3. **Gradam 'BARCELONA SUSTAINABLE CATALUNYA'**

Tuairisc

Maidir le fíonta ó fhíonlanna buidéalaithe a léiríonn laghdú ar a lorg CO_2, agus ríomh fíoraithe chaighdeán ISO 14.064-1:2019 acu, tá siad i dteideal lógó a thaispeáint ar a lipéadú ina sonraítear an méid seo a leanas: 'BARCELONA SUSTAINABLE CATALUNYA'

Leasaíodh roinn 8.3 den tsonraíocht ('Cur i láthair agus lipéadú na dtáirgí') agus pointe 9 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach dtagann sé faoi réim aon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (CEM aonair).

Cúiseanna

Agus aird á tabhairt ar an éigeandáil aeráide, chinn an Bord Rialála maidir le hAinmniúchán Tionscnaimh CATALUNYA córas a thabhairt isteach chun idirdhealú a dhéanamh idir fíonlanna agus fíonta a dhéanann iarracht a lorg CO_2 a laghdú.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Cataluña / Catalunya'

2. **Cineál an táisc gheografaigh:**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon
3. Fíon licéir
8. Fíon leathshúilíneach

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fionnta)**

1. Fíon geal

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Tá na fíonta seo nua-aimseartha agus nuálach. Bíonn an dath idir buí éadrom le himreacha scothghlasa agus toin dhiana órga. Déine chumhra idir measartha agus ard a bhíonn ag na fíonta seo, agus bíonn siad struchtúrtha a bheag nó a mhór de réir na táirgeachta fíniúna. Bíonn aigéadacht mheasartha acu agus méid maith alcóil iontu, agus cuireann siad fonn ar dhuine súimín eile a ól. Blasanna bláthacha agus/nó torthaíocha go príomha a bhíonn ar na fíonta níos óige, agus tugann an t-aosú adhmaid dea-bholaithe treasacha do na fíonta níos aibí a mbíonn blasanna fanaile agus tóstáilte fiú mar shaintréithe acu. Is fíonta boga agus úra iad na fíonta óga, agus is fíonta níos olartha lena meabhraítear na bairillí ina gcoiptear iad na fíonta níos aibí.

* Dé-ocsaíd sulfair uasta: 200 mg/l má tá an méid siúcra níos lú ná 5 g/l agus 250 mg/l má tá an méid siúcra 5 g/l nó níos mó.

* I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, beidh feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): -

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): -

2. Fíon rosé

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Tá na fíonta seo nua-aimseartha agus nuálach. Is féidir an dath a bheith idir dearg geal le himreacha lonracha corcairghorma agus fordhathanna chraiceann an oinniúin, ag dul trí raon de thoin oráiste idirmheánacha. Déine chumhra idir measartha agus ard a bhíonn ag na fíonta seo, agus bíonn siad struchtúrtha a bheag nó a mhór de réir na táirgeachta fíniúna. Bíonn aigéadacht mheasartha acu agus méid maith alcóil iontu, agus cuireann siad fonn ar dhuine súimín eile a ól. Bog, úr agus cothrom.

* Dé-ocsaíd sulfair uasta: 200 mg/l má tá an méid siúcra níos lú ná 5 g/l agus 250 mg/l má tá an méid siúcra 5 g/l nó níos mó.

* I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, beidh feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): -

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 3.5 gram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): -

3. Fíon dearg

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Ag brath ar an aosú, bíonn an dath idir dath caordhearg dian agus dath an rúibín éadrom le himir ócair. Bíonn déine chumhra idir measartha agus ard ag na fíonta, agus bíonn méid a gcuid struchtúir ag brath ar an táirgeacht fíniúna. Bíonn aigéadacht mheasartha acu agus méid maith alcóil iontu, agus cuireann siad fonn ar dhuine súimín eile a ól. Bíonn na fíonta óga bog agus lán le blas, ach trí na fíonta a choipeadh agus/nó a aosú i mbairillí adhmaid táirgtear fíonta an-mhaothlacha agus níos buaine, a bhíonn séimh ach struchtúrtha.

* Féadfaidh an aigéadacht luaineach a bheith níos mó ná 1 mEq/l in aghaidh gach céim de neart alcóil níos mó ná 11 % agus gach bliain den aosú, suas le 20 mEq/l.

* Dé-ocsaíd sulfair uasta: 150 mg/l má tá an méid siúcra níos lú ná 5 g/l agus 200 mg/l má tá an méid siúcra 5 g/l nó níos mó.

* I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, beidh feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): -

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 3.5 gram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): -

4. Fíon leathshúilíneach

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Ní mór na saintréithe a bheith mar an gcéanna leo siúd ar tugadh tuairisc orthu sna míreanna thuas maidir leis an dath fíona atá i gceist, ach go gcuirtear boilgeoga leo. Bíonn na fíonta cothrom agus úr, le braistint bheag de dhrithlíní mar gheall ar scaoileadh dé-ocsaíde carbóin.

* Dé-ocsaíd sulfair uasta: má tá an méid siúcra níos lú ná 5 g/l, 200 mg/l le haghaidh fíonta geala agus rosé agus 150 mg/l le haghaidh fíonta dearga; má tá an méid siúcra 5 g/l nó níos mó, 250 mg/l le haghaidh fíonta geala agus rosé agus 200 mg/l le haghaidh fíonta dearga.

* I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, beidh feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): -

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 7

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): -

5. Fíon licéir

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Bíonn an dath ar fhíonta licéir idir dathanna teimhneacha, diana agus imreacha níos doimhne a bhaineann le fíonta geala agus dearga, agus dathanna ómra fiú ag brath ar aibíocht. Bíonn teas beag ag na fíonta, le dea-bholaithe torthaíocha acu siúd nach n-aosaítear in adhmad, agus bíonn blasanna d'aildéad agus de chnónna ag na fíonta atá níos aibí. Tá siad te, olartha agus leanúnach.

* Féadfaidh an aigéadacht luaineach a bheith níos mó ná 1 mEq/l in aghaidh gach céim de neart alcóil níos mó ná 11 % agus gach bliain den aosú, suas le 20 mEq/l.

* Dé-ocsaíd sulfair uasta: 150 mg/l má tá an méid siúcra níos lú ná 5 g/l agus 200 mg/l má tá an méid siúcra 5 g/l nó níos mó.

* I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, beidh feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): -

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 15

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): -

6. Fíonta geala, rosé agus dearga a bhfuil neart alcóil níos ísle iontu (xispejant)

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Féach na tuairiscí ar fhíonta geala, rosé agus dearga thuas.

* Dé-ocsaíd sulfair uasta: 200 mg/l le haghaidh fíonta geala agus rosé agus 150 mg/l le haghaidh fíonta dearga, má tá an méid siúcra níos lú ná 5 g/l; 250 mg/l le haghaidh fíonta geala agus rosé agus 200 mg/l le haghaidh fíonta dearga, má tá an méid siúcra níos mó ná 5 g/l nó cothrom leis sin

* I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, beidh feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): -

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 4,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): -

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Srian a bhaineann leis an bhfíonóireacht

Ní mór a bheith an-chúramach agus na fíonchaora á mbuain. Ní fhéadfar na fíonta a chumhdaítear leis an ATFC seo a dhéanamh ach amháin as fíonchaora sláintiúla atá aibí a ndóthain chun fíonta a bhfuil íosneart alcóil nádúrtha 9,5 % de réir toirte iontu nó níos mó le haghaidh chrios CII agus 10 % de réir toirte nó níos mó le haghaidh chrios CIII; mar a cheanglaítear le reachtaíocht an Aontais.

Cuirtear an brú iomchuí i bhfeidhm chun an t-úrfhíon nó an fíon a eastóscadh agus sin a dhealú ó na craicne fíonchaor, lena n-áirithítear nach dtáirgtear níos mó ná 74 lítear fíona in aghaidh gach 100 kg fíonchaor a bhuantar.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha geala

12 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

88,8 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Cineálacha dearga

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

74 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Cineálacha Xarello rosado, Trepat agus Garnatxa roja nó Garnatxa gris

12 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

88,8 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Abrera

Agramunt: iar-fhocheantar Montclar

Aguilar de Segarra

Agullana

Aiguamúrcia

Albagés, l'

Albi, l'

Albiol, l'

Albons

Aleixar, l'

Alfarràs

Alcarràs: Dáileachtaí 9022, 9017 agus 9005 i bpolagán cadastrach 6 agus dáileachtaí 3, 57, 9001, 9003, 9004, 9007 agus 9027 i bpolagán cadastrach 15

Albinyana

Alcover

Alella

Alforja

Algerri

Alió

Almacelles: dáileachtaí 25, 180, 193 agus 196 i bpolagán cadastrach 5

Almenar

Almoster

Alòs de Balaguer

Alpicat

Altafulla

Ametlla de Mar, l'

Almetlla de Segarra, l'

Arbeca

Arboç, l'

Arenys de Mar

Arenys de Munt

Argentera, l'

Argentona

Arnes

Artés

Artesa de Segre

Ascó

Avinyó

Avinyonet de Penedès

Avinyonet de Puigventós

Badalona

Balaguer

Balsareny

Banyeres del Penedès

Barberà de la Conca

Barcelona: dáileacht 1 de pholagán cadastrach 1

Baronia de Rialb

Batea

Begues

Begur

Belianes

Bellaguarda

Bellcaire d'Empordà

Bellmunt del Priorat

Bellprat

Bellvei

Benissanet

Bigues i Riells

Bisbal d'Empordà, la

Bisbal del Penedès, la

Bisbal de Falset, la

Biure

Blancafort

Boadella i les Escaules

Bonastre

Borges Blanques: Dáileachtaí 30 agus 96 i bpolagán cadastrach 9, dáileachtaí 114, 165 agus 167 i bpolagán cadastrach 21 agus dáileachtaí 118, 119 agus 120 i bpolagán cadastrach 22

Borges del Camp, les

Bot

Botarell

Bovera

Bràfim

Bruc, el

Cabacés

Cabanes

Cabanyes, les

Cabassers

Cabra del Camp

Cabrera d'Igualada

Cabrera de Mar

Cabrils

Cadaqués

Calafell

Calders

Caldes de Montbui: dáileacht 57 i bpolagán cadastrach 1 agus dáileacht 12 de pholagán cadastrach 2

Calella

Callús

Calonge

Cambrils

Canonja, la

Canovelles

Cantallops

Canyelles

Capafons

Capellades

Capçanes

Capmany

Cardedeu

Cardona

Carme

Caseres

Castell-Platja d'Aro

Castell de Mur: focheantair Cellers agus Guardia de Tremp

Castellbisbal

Castellet i la Gornal

Castellfollit del Boix

Castellgalí

Castellnou de Bages

Castelló de Farfanya

Castellolí

Castellvell del Camp

Castellví de la Marca

Castellví de Rosanes

Catllar, el

Cervelló

Cervià de les Garrigues

Cistella

Ciutadilla

Colera

Collbató

Colldejou

Conca de Dalt

Conesa

Constantí

Copons

Corbera de Llobregat

Corçà

Corbera d'Ebre

Cornudella de Montsant

Creixell

Cruïlles; Monells i Sant Sadurní de l'Heura

Cubells: dáileacht 90 de pholagán cadastrach 7

Cubelles

Cunit

Darnius

Duesaigües

Esparraguera

Espluga Calba, l'

Espluga de Francolí, l'

Espolla

Falset

Fatarella, la

Febró, la

Figuera, la

Figueres

Figuerola del Camp

Flix

Floresta, la

Fogars de Montclús

Fonollosa

Font-rubí

Foradada

Forallac

Forés

Franqueses del Vallès

Fulleda

Gaià

Gandesa

Garcia

Garidells, els

Garriguella

Gavet de la Conca agus na focheantair Sant Cristofol de la Vall, Sant Martí de Barcedana agus Sant Miquel de la Vall

Gelida

Gimenells i el Pla de la Font

Ginestar

Granada, la

Granollers

Granyanella

Granyena de Segarra

Gratallops

Guiamets, els

Guimerà

Horta de Sant Joan

Hostalets de Pierola, els

Igualada

Isona i Conca Dellà agus na focheantair Conques, Figuerola d'Orcau, Orcau-Basturs agus Sant Romà d'Abella

Ivars d'Urgell

Ivars de Noguera

Jonquera, la

Jorba

Juncosa

Juneda: Dáileacht 487 i bpolagán cadastrach 5, dáileachtaí 14, 15, 16, 33, 34 agus 37 i bpolagán 12 agus dáileachtaí 3, 4 agus 5 i bpolagán cadastrach 13

Llacuna, la

Llançà

Llardecans

Lleida: focheantair Raimat agus Sucs

Llers

Lliçà d'Amunt

Llimiana

Lloar, el

Llorenç del Penedès

Lloret de Mar

Maials

Maldà

Manresa

Marçà

Margalef

Marsà

Martorell

Martorelles

Masarac

Maslloreng

Masnou, el

Masó, la

Maspujols

Masquefa

Masroig, el

Massoteres

Mataró

Mediona

Menàrguens

Milà, el

Miravet

Molar, el

Mollet de Peralada

Montgat

Monistrol de Calders

Montblanc

Montbrió del Camp

Montferri

Montmell, el

Montoliu de Segarra

Montornès de Segarra

Montornès del Vallès

Mont-ral

Mont-ras

Mont-roig del Camp

Móra d'Ebre

Móra la Nova

Morell

Morera de Montsant, la, agus an focheantar Scala-dei

Mura

Nalec

Navarcles

Navàs

Nou de Gaià, la

Nulles

Òdena

Olèrdola

Olesa de Bonesvalls

Olivella

Omells de na Gaia, els

Omellons, els

Orpí

Òrrius

Os de Balaguer

Pacs del Penedès

Palafrugell

Palamós

Palau-sator

Palau-saverdera

Pallaresos, els

Palma d'Ebre, la

Pals

Pau

Pedret i Marzà

Penelles

Perafort

Peralada

Perelló, el

Piera

Pinell de Brai, el

Pira

Pla de la Font, el

Pla de Santa Maria, el

Pla del Penedès, el

Pla del Penedès

Pobla de Cérvoles, la

Pobla de Claramunt, la

Pobla de Mafumet, la

Pobla de Massaluca, la

Pobla de Montornès, la

Pobla de Segur

Poboleda

Pont d'Armentera, el

Pont de Molins,

Pont de Vilomara i Rocafort, el

Pontons

Porrera

Port de la Selva, el

Portbou

Pradell de la Teixeta, el

Prades

Prat del Compte

Preixana

Preixens

Premià de Dalt

Premià de Mar

Puigdàlber

Puigpelat

Querol

Rabós

Rajadell

Rasquera

Regencós

Renau

Reus

Riba-roja d'Ebre

Riera de Gaià, la

Riudecanyes

Riudecols

Riudoms

Riumors

Roca del Vallès, la

Roda de Barà

Rodonyà

Rocafort de Queralt

Roses

Rourell, el

Sabadell: Eastát Can Gambús lena ngabhann tagairt chadastrach Uimh. 28003001 DG2020A, ina bhfuil limistéar 2 heicteár

Salàs de Pallars

Sallent

Salomó

Sant Cebrià de Vallalta

Sant Climent Sescebes

Sant Cugat de Sesgarrigues

Sant Esteve Sesrovires

Sant Feliu de Buixalleu

Sant Feliu de Codines

Sant Feliu de Guíxols

Sant Fost de Campsentelles

Sant Fruitós de Bages

Sant Iscle de Vallalta

Sant Jaume dels Domenys

Sant Joan de Vilatorrada

Sant Jordi Desvalls

Sant Llorenç Savall

Sant Llorens d'Hortons

Sant Martí de Riucorb

Sant Martí de Tous

Sant Martí Sarroca

Sant Martí Vell

Sant Mateu de Bages

Sant Pere de Ribes

Sant Pere de Riudebitlles

Sant Pol de Mar

Sant Quintí de Mediona

Sant Sadurní d'Anoia

Sant Salvador de Guardiola

Santa Cristina d'Aro

Santa Margarida i els Monjos

Santa Maria de Miralles

Santa Maria d'Oló

Santa Oliva

Santa Fe del Penedès

Santa Maria de Martorelles

Santa Margarida de Montbui

Santpedor

Sarral

Secuita, la

Selva del Camp, la

Selva de Mar, la

Senan

Sentmenat

Sitges

Siurana d'Empordà

Solivella

Sort

Subirats

Súria

Talamanca

Talarn

Tallada d'Empordà

Tarragona

Tàrrega

Tarrés

Teià

Terrades

Tiana

Tivissa

Tordera

Torrebesses: dáileachtaí 247 agus 283 de pholagán cadastrach 6

Torre de Claramunt, la

Torre de Fontaubella, la

Torre de l'Espanyol, la

Torredembarra

Torrefarrera

Torrelavit

Torrelles de Foix

Torrent

Torroella de Montgrí

Torroja del Priorat

Tortellà

Tremp, an t-iarbhardas, agus na focheantair Gurb, Palau de Noguera, Puigcercós, Suterranya agus Vilamitjana

Ullà

Ulldemolins

Vallbona de les Monges

Vallbona d'Anoia

Vallclara

Vallfogona de Riucorb

Vallgorguina

Vallirana

Vall-llobrega

Vallromanes

Valls

Vandellós i l'Hospitalet de l'Infant

Vallmoll

Vendrell, el

Ventalló

Verdú

Vespella

Vilademuls

Vila-rodona

Vilafant

Vilafranca del Penedès

Vilagrassa: dáileacht 92 de pholagán cadastrach 4

Vilajuïga

Vilalba dels Arcs

Vilallonga del Camp

Vilamalla

Vilamaniscle

Vilanant

Vilanova del Camí

Vilanova d'Escornalbou

Vilanova de Prades

Vilanova i la Geltrú

Vilanova del Vallès

Vila-seca

Vilassar de Dalt

Vilassar de Mar

Vilabella

Vilaverd

Vilella Alta, la

Vilella Baixa, la

Vilosell, el

Vilobí del Penedès

Vilopriu

Vimbodí

Vinaixa

Vinebre

Vinyols i els Arcs

7. **Cineál(cineálacha) fíonchaor**

AGUDELO - CHENIN BLANC

ALARIJE - SUBIRAT PARENT

ALBARIÑO

CABERNET FRANC

CABERNET SAUVIGNON

CHARDONNAY

GARNACHA BLANCA - LLADONER BLANCO

GARNACHA PELUDA

GARNACHA ROJA - GARNACHA GRIS

GARNACHA TINTA - LLADONER

GARNACHA TINTORERA

GARRO - MANDO

GEWÜRZTRAMINER

MACABEO – VIURA

MALVASIA AROMATICA - MALVASIA DE SITGES

MARSELÁN

MAZUELA – CARIÑENA

MAZUELA – SAMSÓ

MERLOT

MERSEGUERA - SUMOLL BLANCO

MONASTRELL

MOSCATEL DE ALEJANDRÍA

MOSCATEL DE GRANO MENUDO

PARELLADA - MONTONEC

PARELLADA - MONTONEGA

PEDRO XIMÉNEZ

PETIT VERDOT

PICAPOLL BLANCO

PICAPOLL NEGRO

PINOT NOIR

RIESLING

SAUVIGNON BLANC

SUMOLL TINTO

SYRAH

TEMPRANILLO – ULL DE LLEBRE

TREPAT

VINYATER

VIOGNIER

XARELLO - CARTOIXA

XARELLO - PANSA BLANCA

XARELLO - PANSAL

XARELLO ROSADO

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Fíon*

Fágann tionchar suntasach na Meánmhara go dtáirgtear fíonta míne, doimhne le haigéadacht measartha íseal, cion ard alcóil agus dea-bholaithe a fheabhsaíonn, go háirithe i gcás fíonta dearga, de réir mar a théann na fíonta in aois. Spreagann aimsir ghrianmhar ár réigiúin forbairt na ndathanna doimhne — dearg go háirithe — atá chomh sainiúil dár bhfíonta.

Is iad siolta agus dúrabhán na príomhuigeachtaí ithreach, a thugann tathag agus struchtúr do na cineálacha geala agus dearga araon agus a tháirgeann fíonta dearga a bhfuil dath níos doimhne orthu fiú.

Is sampla eile é rogha leathan na gcineálacha fíniúna atá sa Chatalóin d'oscailteacht i leith an domhain a bhaineann i gcónaí le muintir na Catalóine. Is léiriú é freisin ar stair fhada na fíonóireachta sa réigiún. De réir athfhriotail le Pere Gil a théann siar go 1600: 'Déantar fíonta ar fud na Catalóine, i limistéir chósta agus i limistéir intíre araon ... 'Bíonn fíonta na Catalóine láidir de ghnáth agus an-mhaith. Déanann siad gach cineál fíona ...' Thug Jaume Ciurana (1980) tuairisc ar aontacht bhunúsach a bhaineann le fíonta uile na Catalóine, a thugann saintréith choiteann do gach ceann acu: dúthracht, fonn feabhsaithe agus spiorad an ghaisce sna daoine a rinne iad.

8.2. *Fíon leathshúilíneach*

Táirgeann na hithreacha cailceacha fíonta atá beoga, aramatach agus an-mhínghlanta.

Is féidir neart alcóil níos ísle agus aigéadacht níos mó a fháil trí dháta an fhómhair a thabhairt chun tosaigh. Mar aon leis an dé-ocsaíd charbóin a fhaightear go nádúrtha iontu, tugann sé sin an bhraistint úr a bhíonn mar shaintréith ag na fíonta.

Tá nasc staire agus cultúrtha ag sochaí na Catalóine le fíonta a bhfaightear dé-ocsaíd go nádúrtha iontu, mar a léirítear ag tionscal mór táirgeachta fíona shúilínigh na Catalóine, ar cuireadh tús leis chomh fada siar leis an gcéad leath den 19ú haois.

8.3. *Fíon licéir*

Gníomhaíonn tionchar suntasach na Meánmhara agus uigeacht na n-ithreacha ar tugadh tuairisc orthu cheana sa chatagóir fíona ar an mbealach céanna i bhfíonta licéir faoi ATFC Cataluña/Catalunya, a chuireann déine datha doimhne orthu agus a thugann cumhra, tathag agus aigéadacht idir measartha agus íseal dóibh.

Is minic a bhíonn na fíonta licéir ina rogha díleáiteoige ag béilí na Catalóine, ina n-óltar an cineál fíona sin le rogha cnónna (almóinní, cnónna coill, cnónna péine) agus torthaí triomaithe (rísíní, figí, aibreoga) i milseog traidisiúnta na Catalóine ar a dtugtar *postres de músic* (milseog an cheoltóra).

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar an téarma 'xispejant' a chur, mar rogha, ar lipéid fíonta geala, rosé nó dearga a bhfuil neart alcóil níos ísle iontu a tháirgtear trí chur isteach ar choipeadh d'aon ghnó.

Féadfar an tásc 'CATALUNYA VINYERÓ' a chur ar lipéad an táirge chun idirdhealú a dhéanamh idir stádas táirgeoirí atá ina saothróirí fíniúna. Féadfaidh táirgeoirí atá ina saothróirí fíniúna a iarraidh go n-úsáidfí an tásc sin, ar táirgeoirí iad a dhéanann a bhfíonta uile go heisiach as fíonchaora a d'fhás siad ina bhfíonghoirt féin.

Maidir le fíonta ó fhíonlanna buidéalaithe a léiríonn laghdú ar a lorg CO_2, agus ríomh fíoraithe chaighdeán ISO 14.064-1:2019 acu, tá siad i dteideal lógó a thaispeáint ar a lipéadú ar a bhfuil na focail 'BARCELONA SUSTAINABLE CATALUNYA'

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://incavi.gencat.cat/.content/005-normativa/plecs-condicions-do-catalanes/Arxius-plecs/PC-DO-Catalunya-modif6-AM07-2023.pdf